



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATH -AOIS, 1492 - 1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuairisc ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'Iarrthóirí

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire sa nua-aois luath: Topaic 1)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 1

Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Mná agus pósadh faoi dhlí na nGael.

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
 - (a) Dar le doiciméad A, cén fáth a raibh roinnt póstaí Éireannacha neamhdhlisteanach?
 - (b) Dar le doiciméad A, cad é an dearcadh Éireannach ar cholscaradh?
 - (c) Dar le doiciméad A, cad é an dearcadh Éireannach ar shacraimint an phósta?
 - (d) Dar le doiciméad B, cén cruthúnas is féidir le fear céile a fháil chun go mbeadh ar a chumas colscaradh a fháil?
 - (e) Dar le doiciméad B, an gcuireann fir chéile a mbranchéilí uathu gan chúis? Tabhair fáth le do fhreagra. (40)

2.
 - (a) An bhfuil Doiciméid A agus B ar aon fhocal maidir le dearcadh na nÉireannach ar phóstaí sealadacha agus ar cholscaradh? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.
 - (b) Cuireann údair na ndoiciméad A agus B tuairimí éagsúla i láthair faoin bpósadh. Cad iad na tuairimí sin? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra. (20)

3.
 - (a) An mbeadh sé cóir do thuairim faoin bpósadh in Éirinn a bhunú go hiomlán ar Dhoiciméad A amháin? Tabhair fáth le do fhreagra?
 - (b) An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é doiciméad B? Tabhair fáth le do fhreagra. (20)

4. Conas a thug dlí na nGael maidir leis an bpósadh cosaint do mhná agus conas a sholáthair sé dóibh? (20)

- Doiciméad A -

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas a thug Edmund Campion (1540-1581). Bhí Campion ina chónaí in Éirinn ó 1569 go dtí 1571, is dócha. Ina dhiaidh sin rinneadh sagart Íosánach de agus cuireadh chun báis ag Tyburn é.

Tá beag is fiú déanta ag na hÉireannaigh de staid onórach an phósta. Déanann siad conarthaí pósta atá neamhdhlisteanach mar go bpósann siad laistigh d'fhorógraí toirmisceithe an dlí Chanónta (dlí na hEaglaise) agus Leviticus (rialacha atá leagtha síos sa Bhíobla).

Idirscarann siad de réir mar is toil leo. Déanann siad neamhshuim de shollúntacht shacraimint an phósta. Coinníonn siad mná luí (striapacha) in ionad banchéilí. Sea, fiú go dtí an lá atá inniu ann, áit a bhfuil an chléir bog [lag] is féidir leis na hÉireannaigh a bheith sásta pósadh ar feadh bliana agus lá ar promhadh. Ag deireadh na bliana bíonn siad toilteanach an bhean a chur chun an bhaile mar gheall ar aighneas fánach, murar féidir le cairde na mná uaisle díoltas a bhaint amach as ucht an dochair.

Foinse: Edmund Campion, *Two Bokes (Books) of the Histories of Ireland*, Van Gorcum, Assen, 1963.

- Doiciméad B -

Thug Gráinne Ní Mháille fianaise faoi spré agus cearta ban colscartha agus baintreacha i bhfreagraí scríofa ar cheisteanna a cuireadh uirthi in ‘the Articles of Interrogatory’. Tá na ceisteanna agus na freagraí seo caomhnaithe i bPáipéir Stáit na bliana 1595. Is sliocht leasaithe é an doiciméad seo a leanas.

Is é an nós atá i measc na nÉireannach gurb í a céad spré amháin a bheidh ag banchéilí (baintreacha), gan aon mhéadú ná liúntas uirthi. Sin an nós atá ann leis na cianta. Sula ndéanann aon bhean sciar pósta (spré) a thabhairt ar láimh, faigheann sí urrúis, de réir dlí, go mbeidh a spré le fáil ar ais aici ar an dóigh chéanna agus sa riocht céanna inar thug sé uaithi í. Teastaíonn na hurrúis seo uaithi mar nach mbíonn aon mhaoin ag fir chéile le fágáil ina ndiaidh, go háirithe taoisigh, mar go mbíonn costais mhóra orthu. Go deimhin, is minic iad a bheith i bhfiacha nuair a fhaigheann siad bás.

Ag amanna eile idirscartar mná mar go bhfuil cruthúnas go raibh conradh pósta ag an bhfear céile le bean eile roimhe sin.

Anois agus arís, cuireann an fear céile uaidh a bhanchéile agus tógann sé isteach bean eile, gan aon imeachtaí dleathacha nó cuí. Mar sin, ní mór don bhanchéile urraí a bheith aici dá spré ar eagla na heagla.

Foinse: Ann Chambers, *Granuaile: Ireland's Pirate Queen 1530-1603*, Gill and Macmillan, Baile Átha Cliath, 2009.

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 2

Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilise, 1558 - 1603

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo ar ghéilleadh Aodh Uí Néill ag Mellifont, Márta 1603, tógtha as *An Itinerary* le Fynes Moryson (1566-1630). Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Sléachtaimse, Aodh Ó Néill, a ndearnadh Iarla Thír Eoghain díom, le fabhar grásach Bhanríon Shasana, na Fraince agus na hÉireann le fíoraithreachas uiríseal ag a cosa ríoga agus géillim dá trócaire.....

Diúltaím do gach rialtóir iasachta agus móidím a bheith i mo sheirbhíseach dílis aici i gcoinne aon chumhacht iasachta a bheadh ag déanamh ionraidh ar a ríochtaí.....diúltaím d'aon spleáchas do rí na Spáinne ná aon chairdine leis féin ná le haon chomhghuaillithe dá chuid. Beidh mé ullamh chun mo mhíle dícheall a dhéanamh a mórgacht a sheirbheáil ina choinne féin nó i gcoinne aon chomhghuaillithe dá chuid.

Diúltaím d'aon idirghabháil le huirrithe. Diúltaím d'altramas leo nó le tiarnaí eile atá lámh liom. Diúltaím do chíos dubh a bhailiú ó aon uirrithe.....Tugaim uaim gach éileamh agus gach teideal ar aon tailte, seachas iad sin a bhronnfaidh a mórgacht orm Ar deireadh, mar ghéillsineach, beidh mé sásta treoir agus comhairle a ghlacadh óna cuid giúistísí.....

Rinne Iarla Thír Eoghain an géilleadh seo agus é ar a ghlúine roimh an bhFear Ionaid agus an Chomhairle agus tionól mór i láthair.

1. Cén duine ar ghéill Aodh Ó Néill dá trócaire?
2. Cé a sheirbheálfadh Aodh Ó Néill go dílis de réir a ghealltanais féin?
3. Cén gealltanas a thug Aodh Ó Néill maidir le Rí na Spáinne?
4. Cén gealltanas a thug Aodh Ó Néill maidir le hUirrithe?
5. Cén fáth a ndearna Ó Néill a ghéilleadh ag Mellifont, go gairid tar éis Chath Chionn tSáile?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Pháil agus ualach an airm.
2. Séan Ó Néill.
3. Ceist na hOllscoile.
4. Baile Átha Cliath faoi Eilís.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Sir Henry Sidney in Éirinn agus cad a bhain sé amach?
2. Cén ról a d'imir James Fitzmaurice Fitzgerald san éirí amach i nDeasumhain?
3. Cad iad na príomhimeachtaí a bhí i ngairm chléireachais Meiler McGrath?
4. Cad a bhain Aodh Ó Néill amach go míleata sa Chogadh Naoi mBliana?

Éire: Topaic 3

An ríocht agus an choilíneacht: An streachailt don lámh uachtar in Éirinn, 1603 – 1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as an gcuntas a thug Rinuccini ar a chuairt ar Éirinn, mar Nuinteas an Phápa, i 1645. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhíomar ag teacht i ngar d'Inbhear Scéine. Bhí an-aiféala ar Rúnaí na comhdhála, Belling, agus ar dhaoine eile nár éirigh linn teacht i dtír i bPort Láirge. Thaistil mé go mall i dtreo Chill Chainnigh. Anois, thosaigh daoine ag teacht ó gach cearn chun a bheith liom, deifir orthu ag fáiltiú romham. Nuair a chuala comhaltaí na hArdchomhairle go raibh mé tagtha, chuir siad triúr teachtaí agus dhá chomplacht capall chun comhghairdeas a dhéanamh liom as ucht ceann scríbe a bheith bainte amach go slán sábháilte agam agus chun mé a thionlacan. Ba iad na hoifigigh seo Richard Butler, deartháir le Marcas Urumhan ach a bhí ina Chaitliceach, Lord Netterville agus Nicholas Tegnier, sagart a bhuaill liom ag Dromescane, dhá mhíle dhéag ó Mhaigh Chromtha.

An tráthnóna sular shroich mé Cill Chainnigh bhí ceathrar uaisle ón gComhairle agus an rúnaí Belling ag fanacht orm agus chuir siad fáilte romham. Thug duine acu óráid ghearr. Ar aghaidh linn agus laistigh de thrí mhíle bhuaill mé le huaisle agus le fir óga Chill Chainnigh ar fad, chomh maith leis na sluaite eile i mbuíonta éagsúla, gach ceannaire buíne ag teacht anuas dá chapall chun moladh a thabhairt dom. Chun tosaigh bhí trúpa de leathchéad scoláire agus iad ar fad armáilte le piostail, mar sin féin.

1. Cá háit a raibh súil ag Rúnaí na comhdhála go dtiocfadh Rinuccini i dtír?
2. Chuig cén chathair ar thaistil Rinuccini?
3. Ainmnigh na teachtaí a chuir an Ardchomhairle chun bualadh le Rinuccini?
4. Cén tionlacan a chuir Ardchomhairle na Comhdhála ar fáil do Rinuccini?
5. Ar éirigh le cuairt Rinuccini ar Chill Chainnigh nó ar theip uirthi? Cuir fáth le do fhreagra.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir Arthur Chichester.
2. Eoghan Rua Ó Néill.
3. Trasphlandálacha Chromail.
4. Na Ceithre Máistrí.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhí le triail Iarla Strafford?
2. Cad a chuir Richard Boyle agus a chlann le saol na hÉireann?
3. Cén fáth a raibh Lováin tábhachtach mar chuid den Fhrith-Reifirméisean in Éirinn?
4. Cad a chuir Piaras Feiritéar agus/nó Luke Wadding le gnóthaí na hÉireann?

Éire: Topaic 4
Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas a thug John Shirley ar Chath na Bóinne a scríobhadh i 1692. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ar an 30ú Meitheamh mháirseáil an Rí (Liam) go luath ar maidin óna champa ag Baile Átha Fhirdhia i dtreo Dhroichead Átha agus fuair sé an t-arm Éireannach campáilte le taobh na Bóinne os cionn an bhaile. Níor tháinig na saighdiúirí coise go raibh sé ródhéanach agus an Airtléire in éineacht leo. Ní fhéadfaí dada a dhéanamh an oíche sin ach suíomh an namhad agus áthanna na habhann a scrúdú. Ba chosúil go mbeadh sé an-deacair dul trasna na n-áthanna.....

Nuair a bhí sé ag éirí déanach sa tráthnóna, thug seisean (Liam) ordú don Chunta Schomberg an marcra a bhí ar an gcliathán ar dheis, dhá reisimint dragún, briogáid Trelawney agus cúig ghunna mhóra a thabhairt leis go luath ar maidin. Bhí air iarracht a dhéanamh áth a aimsiú roinnt mílte ó thuaidh de champa an namhad, dul trasna go dtí an taobh eile den abhainn agus an namhaid a ionsaí sa chliathán agus iallach a chur orthu imeacht leo go tapa.

D'éirigh leis (Schomberg) ina chuid iarrachtaí - chuir sé an ruaig ar ocht scuadrún a bhí réidh chun é a ionsaí. D'éirigh leis talamh crua a bhaint amach ar an taobh eile den abhainn agus chuir sé a chuid fear in ord catha.

1. Cár tháinig an Rí Liam Oráiste ar an arm Éireannach ar an 30 Meitheamh 1690?
2. Cén fáth nár chuir an Rí Liam cath ar an arm Éireannach láithreach?
3. Luaigh ullmhúchán amháin a rinne an Rí Liam tráthnóna an 30 Meitheamh?
4. Cad iad na horduithe a thug an Rí Liam don Chunta Schomberg maidir leis an namhaid a ionsaí?
5. Luaigh bealach amháin inar athraigh Cath na Bóinne cinniúint na nÉireannach Caitliceach?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An chéad Diúc ar Urumhan.
2. Tóraithe agus Ropairí.
3. Tabhairt isteach na bPéindlíthe.
4. Teacht chun cinn na heolaíochta in Éirinn.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé a d'fhreastail ar pharlaimint 1689 agus cad a bhain an parlaimint sin amach?
2. Conas a d'athraigh agus a d'fhorbair Baile Átha Cliath i ndiaidh na hAthghairme (1660)?
3. Cad a chuir na filí Seacaibíteacha le córas Gaelach na mbard in Éirinn?
4. Cén tábhacht a bhain le duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas i ngnóthaí na hÉireann: Bandiúc Thír Chonaill; Oilibhéar Pluincéid; Robert Boyle?

An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715 – 1770

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as *History of Ireland in the Eighteenth Century* le Lecky. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

D'fhógair Swift gur caitheadh ar a laghad an tríú cuid de chíos na hÉireann i Sasana. Rinne Prior amach gur chaith neamhchónaithigh £620, 000 de chíosanna Éireannacha i Sasana i 1730. Luaigh liosta eile a cuireadh le chéile i 1769 an figiúr £1, 2000,000 leis. Mhaigh Hutchinson in 'Commercial Constraints' gur £1, 110,000 an meastachán ab ísle den tsuim airgid a seoladh as Éirinn chun na Breataine gach bliain idir 1668 agus 1773.

Níl sé deacair teacht ar na cúiseanna atá leis an aimhleas. Tugadh go leor den talamh coigistithe do Shasanaigh a raibh maoin acu i Sasana agus cúraimí orthu ann agus a mhair ann go bunáiteach. Tháinig go leor de ar an margadh ach de bhí nach raibh ach fíorbheagán caipitil in Éirinn agus nach raibh cead ag Caitlicigh talamh a cheannach, fuair fiontraithe Sasanacha seilbh air seo freisin.

1. De réir Swift, cén cion de chíosanna Éireannacha a caitheadh i Sasana?
2. Cé mhéad den chíos Éireannach a caitheadh sa Bhreatain de réir Prior?
3. Cé mhéad den chíos Éireannach a caitheadh sa Bhreatain de réir Hutchinson?
4. Tabhair fáth amháin gur tháinig talamh Éireannach i seilbh fiontraithe Sasanacha?
5. Cén fáth a raibh corraíl faoi chúrsaí talún in Éirinn sa tréimhse, 1715-1770?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Iarmhairtí polaitíochta an Chogaidh Seacht mBliana in Éirinn.
2. Mná agus sochaí na tuaithe.
3. Litreacha Drapier.
4. Teacht chun cinn drámaíocht Bhaile Átha Cliath.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'úsáid na Ponsonbys an chumhacht a bhí acu?
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag na Buachaillí Bána agus cad iad na modhanna a d'úsáid siad?
3. Cén fáth a raibh triail an Athar Mhic Síthigh chomh tábhachtach sin?
4. Cad a chuir Arthur Guinness agus/nó Turlach Ó Cairealláin leis an saol in Éirinn?

Éire: Topaic 5
Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas a thug W. H. Crawford ar athrú i gCúige Uladh san ochtú haois déag. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tháinig tionscal an chadáis go Béal Feirste sna 1770idí déanacha agus faoi lár na 1780idí bhí sé tosaithe ar chadás a allmhairiú ar scála suntasach. I 1787, mar shampla, d'allmhairigh sé 29,059 cileagram shnáth díreach ó na hIndiacha Thiar agus 13,310 cileagram as Sasana. Tugann an fás tobann sna 1790idí luatha in allmhairiú snáth cadáis le tuiscint dúinn nach raibh an tionscal sníomhacháin áitiúil in ann dóthain snátha a sholáthar do na fíodóirí. Bhí thart ar 8,000 fíodóir i mBéal Feirste i 1790. Faoin mbliain 1800 maíodh go raibh 13,500 duine fostaithe sa tionscal laistigh de dheich míle timpeall ar Bhéal Feirste. Maíodh freisin go raibh £192,000 infheistithe sa tionscal.

Mheall tionscal an chadáis líon mór fíodóirí línéadaigh mar go raibh a dhá oiread pá le fáil ann agus nach raibh an obair chomh deacair. Níor theastaigh mórán gealacháin ón gcadás agus mar sin níor ghá ach infheistíocht bheag a dhéanamh i ngléasra seasta. Spreag sé seo déantóirí beaga chun dul sa seans chun a gcuid gnóthaí a fhorbairt.

1. Cén tionscal a tháinig go Béal Feirste sna 1770idí déanacha?
2. Cé mhéad cileagram de shnáth cadáis a hallmhairíodh chuig Béal Feirste i 1787?
3. Cá bhfuair na hallmhaireoirí i mBéal Feirste an snáth cadáis?
4. Cén fhianaise atá ar fáil gur tháinig fás ar thionscal an chadáis i ndiaidh 1790?
5. Seachas cadás, aninmigh toisc amháin eile a chuidigh le fás Bhéal Feirste.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Nano Nagle.
2. Na hÓglaigh agus saorthrádail.
3. Acht an Aontais.
4. Ailtireacht Sheirseach.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Henry Grattan agus/nó Wolfe Tone?
2. Cad iad na cúiseanna a bhí leis an éirí amach i Loch Garman i 1798 agus conas a chríochnaigh sé?
3. Cén pháirt a ghlac John Fitzgibbon i ngnóthaí na hÉireann?
4. Cén fáth ar bunaíodh Coláiste Mhaigh Nuad agus cén tábhacht a bhain leis i saol na hÉireann?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas Giorgio Vasari (1511-1574) ar shaol Michelangelo Buonarroti. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

D'éirigh Michelangelo cáiliúil mar gheall ar an Pieta agus an dealbh ollmhór de Dháiví ag Florence. I 1503, nuair a fuair an Pápa Alexander VI bás agus nuair a toghadh Julius II mar Phápa, bhí Michelangelo Buonarroti tuairim is naoi mbliana is fiche d'aois. Ghlaoiigh Julius, go grástúil, chun na Róimhe ar Michelangelo chun a thuama a thógáil.

Bheartaigh Bramante agus Raphael comhcheilg chun an smaoineamh a bhí ag an bPápa go gcríochnódh Michelangelo an tuama a chur as a intinn. Rinne Bramante é seo nuair a chonaic sé an bealach a raibh a naofacht ag moladh agus ag glóiriú na hoibre a rinne Michelangelo mar dhealbhóir.

Faoi dheireadh, chuir Bramante agus Raphael ina luí ar a naofacht Michelangelo a fhostú chun síléil an tséipéil a bhí tógtha aige sa Vatacáin a phéinteáil, mar chuimhneachán ar a uncail Sixtus. Ar an mbealach sin, cheap Bramante agus iad siúd eile a bhí in iomaíocht le Michelangelo go mbeidís in ann a aird a tharraingt ón dealbhú, réimse ar thuig siad nach raibh a shárú le fáil ann.

1. Cén fáth a raibh cáil ar Michelangelo faoin mbliain 1503?
2. Cén Pápa a fuair bás i 1503 agus cé a toghadh ina áit?
3. Cén fáth ar ghlaoiigh Julius II chun na Róimhe ar Michelangelo?
4. Cad a cheap an Pápa d'obair Michelangelo mar dhealbhóir?
5. Cén fáth a raibh an Róimh ina hionad tábhachtach don ealaín ag an am seo?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Comhdhlúthú an rialtais Thúdaraigh.
2. Niccolo Machiavelli.
3. Hernan Cortes.
4. An Frith-Reifirméisean .

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Séarlas V mar rialtóir na hImpireachta Naofa Rómhánaí?
2. Conas a bhain Martin Luther reifirméisean sa chreideamh amach san Eoraip?
3. Cén tionchar a bhí ag fionnachtain an Domhain Nua ar eacnamaíocht Sevilla?
4. Cad iad na hathruithe a rinne Calvin ar an modh maireachtála sa Ghinéiv?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2
Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Cuntas leasaithe is ea é seo ar obair Matteo Ricci sa tSín. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Thuill Matteo Ricci cáil sa tSín mar eolaí ardchumais. Thaispeáin sé rudaí nua mar phriosmaí Veinéiseacha, leabhair Eorpacha agus saothair phéintéireachta agus ghreanta, grianchloig, cloig, agus léarscáileanna agus mheall sé lucht féachana seasta. Dhear sé agus chuir sé ar taispeáint den chéad uair a Léarscáil mhór den Domhan, rud a chruthaigh réabhlóid sa smaointeoireacht thraidisiúnta Shíneach.

Chum sé saothair i Sínis ar thopaicí chomh hilchineálach le matamaitic, litríocht agus creideamh. Scríobh sé breis agus scór de na saothair seo. Thuill a chuid eagna agus an t-eolas eolaíoch a bhí aige ardmheas dó ag an leibhéal ab airde i measc lucht cultúir.

Mar thoradh ar an ardmheas seo bhí éisteacht le fáil aige nuair a chraobhscaoil sé an soiscéal. Chuir sé seo ar a chumas an Soiscéal a thabhairt chuig an tsibhialtacht neamh-Chríostaí ab airde lena linn.

1. Conas a bhain Matteo Ricci cáil amach sa tSín?
2. Ainmnigh trí rud nua a thaispeáin Matteo Ricci do dhaoine sa tSín?
3. Cén tionchar a bhí ag Léarscáil mhór an Domhain de chuid Matteo Ricci san tSín?
4. Ainmnigh trí thopaic ar scríobh Matteo Ricci fúthu i Sínis?
5. Ar éirigh le misean na nÍósánach go dtí an tSín nó ar theip air? Cuir fáth le do fhreagra.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Réabhlóid na hÍsiltíre.
2. Clódóireacht agus litríocht an phobail.
3. Sasana Eilíse.
4. Teacht chun cinn Moscóive.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad ba chúis leis an meath a tháinig ar chalafort Antuairp?
2. Cé chomh rathúil nó a mhalairt agus a bhí Armáid na Spáinne?
3. Conas mar a d'éirigh le Catherine de Medici agus/nó le Sir Walter Raleigh ina ngairmeacha agus conas mar a theip orthu?
4. Cén dul chun cinn tábhachtach a rinne Tycho Brahe sa réalteolaíocht?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh Comhlachas Delft de Chomhlacht Dúitseach na hIndia Thoir litir i 1644 chuig a n-ionadaithe san Áise ag áitiú gur maraíodh an iomarca daoine i gcogaí concais an chomhlachta in Malacca agus sa tSiolóin agus gur chosain siad an iomarca airgid:

Bheadh sé níos fearr do cheannáí cur lena chuid saibhris le honóir agus lastaí luachmhara a sheoladh ón Áise chuig an Ísiltír, in ionad a bheith ag tabhairt faoi chogaí costasacha chun talamh a bhaint amach, cogaí a bheadh níos oiriúnaí do ríthe corónta ná do cheannaithe a bhfuil saint chun saibhris orthu.

Bhí tuairimí eile ag ceannaithe a bhí ar an láthair agus d'fhreagair Antonio van Diemen:

Tá an-difríocht go deo idir an rud atá ginearálta agus an rud atá sainiúil agus idir cineál amháin trádála agus cineál eile. Ón taithí laethúil atá againn is léir nach féidir le trádáil an Chomhlachta san India leanúint ar aghaidh gan choncais chríche.

1. Cad iad na haidhmeanna ba chóir a bheith ag ceannáí onórach san Áise, dar le Comhlachas Delft?
2. Cén dearcadh a bhí ag Comhlachas Delft ar chogaí san Áise?
3. Cé a bhí oiriúnach chun concais chríche a bhaint amach, dar le Comhlachas Delft?
4. Cad a fuair Antonio van Diemen amach óna thaithí laethúil san Áise?
5. Cad a chuir Comhlacht Dúitseach na hIndia Thoir le teacht chun cinn na hOllainne?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Peter Paul Rubens.
2. An tSualainn agus/nó Moscóiv ag teacht chun cinn.
3. An Cairdinéal Richelieu.
4. Teacht chun cinn na heolaíochta turgnamhaí .

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar chuir an Chúistiúnacht Galileo ar a thriail agus cén toradh a bhí air?
2. Cén ról a d'imir Albrecht von Wallenstein sa Chogadh Tríocha Bliain?
3. Cén fáth ar tharla éirí amach na gCatalónach agus cén toradh a bhí ar an éirí amach sin?
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí saothar Claudio Monteverdi maidir le forbairt an cheoil Bharócaigh?

THALL →

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tógadh an sliocht leasaithe seo as *The Memoirs of the Duke de Saint-Simon* a chaith na blianta idir 1691 agus 1723 ag Cúirt Versailles. Déan staidéar ar an gcuntas a thugann sé ar Louis XIV ag Versailles agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí an-ghrá ag Louis don riúlacht agus don ollás agus don fhlúirse i ngach rud agus spreag sé na mianta céanna ina Chúirt. Níl aon amhras ach go mbeadh sé go mór i bhfabhar leis an té a chaithfeadh airgead go flúirseach ar threalamh agus ar fhoirgnimh, ar fhéastaí agus ag cártaí, fiú d'fhéadfadh sé a bheith d'onóir ag an té sin focal a fháil uaidh. Rinne sé é sin le go mbeadh na huaisle ag brath air.

Rinne sé faisean de bhéasa costasacha. Chuir sé iallach ar a chuid cúirteoirí maireachtáil thar a n-acmhainn agus de réir a chéile bhánaigh sé iad sa chaoi go raibh orthu a bheith i dtuilleamaí a chuid gnaíúlachta nuair a bhí cabhair airgid de dhíth orthu. Ba phlá a bhí anseo agus ón uair a tugadh isteach é, scaip sé ar fud na tíre ar fad. Ní raibh sé i bhfad gur scaip sé chomh fada le Páras agus chuig an arm agus na cúigí.

Déantar fear in ionad ar bith a mheas anois de réir a chaiteachais ar a bhord agus ar earraí galánta eile. Cothaíonn mórtas agus mór is fiú an díth céile (amadántacht) seo. Tá sé mar ábhar mearbhaill i bhfad agus i ngearr. Tá an chontúirt ann gur scrios agus coscairt iomlán a bheidh mar thoradh air.

1. Cad iad na mianta a spreag Louis XIV ag Cúirt Versailles?
2. Cén bealach cinnte a bhí ann chun fabhar a fháil ó Louis XIV?
3. Cén fáth ar chuir Louis XIV iallach ar a chuid cúirteoirí maireachtáil thar a n-acmhainn?
4. De réir Saint Simon, cén toradh a bheadh ar anchaitheamh sa Fhrainc?
5. Cén fáth a ndeachaigh Louis XIV chun cogaidh i gcoinne na nOllanach le linn na tréimhse 1660-1697?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Pholainn faoi Sobiesky.
2. Cogadh Chomharbas na Spáinne.
3. Sébastien le Prestre Vauban.
4. An Turas Mór.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cérbh iad na Streltsy agus cad iad na haidhmeanna a bhí acu agus cad a bhain siad amach?
2. Cén gnó a bhí ar siúl ag Comhlacht (Sasanach) na hIndia Thoir agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis, 1660-1715?
3. Cad iad na bealaí inar chuir Peadar Mór cruth níos nua-aoisí ar an Rúis?
4. Cén tábhacht a bhain le hobair Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Impireachtaí á mbunú

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuimhní cinn George Hewes, duine den bhuíon "Indiach" a chuaigh ar bord na long tae i gcalafort Bhostúin i mí na Nollag, 1773. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ghléas mé i gculaith Indiaigh, tua bheag agam, phéinteáil mé m'aghaidh agus mo lámha le dusta guail i siopa gabha. Ar aghaidh liom go caladh Griffin, áit a raibh na báid leis an tae iontu. Thit mé isteach le go leor eile a bhí gléasta, feistithe agus péinteáilte mar a bhí mé féin agus mháirseálar in eagar.

D'ordaigh ceannfort an rannáin lenar bhain mé dom dul chuig an gcaptaen agus eochracha na haistí agus dosaen coinnle a éileamh air. Rinne mé an t-éileamh agus thug an captaen na hairteagail dom ar an bpointe: ach d'iarr sé orm gan aon damáiste a dhéanamh don long. D'ordaigh ár gceannfort ansin dúinn na haistí a oscailt agus na cófraí tae a thógáil amach agus iad a chaitheamh thar bord.

Tuairim agus trí huair an chloig ón am a ndeachamar ar bord, bhí na cófraí tae ar fad a fuairamar ar an long briste agus caite thar bord againn. Bhí na daoine ar na longa eile ag cur an tae de lámh ar an mbealach céanna, ag an am céanna.

1. Conas a chuir George Hewes agus na coilínigh eile bréagrioct orthu féin don Boston Tea Party?
2. Cá raibh na longa a raibh an tae iontu?
3. Cén achainí a rinne captaen na loinge ar George Hewes?
4. Cad a rinne na coilínigh ar bord na long le linn an Boston Tea Party?
5. Cén fáth nach raibh Meiriceánaigh sásta le riail na Breataine ag an am seo?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Benjamin Franklin.
2. Marsantachas.
3. Diúc Bridgewater agus tógáil canálacha.
4. Marie Theresa na hOstaire, 1740-1780.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a bhí ag an trádáil i dtobac, siúcra agus sclábhaithe i bPlandálacha Sclábhaithe na nIndiacha Thiar?
2. Cad a bhain Feardorcha Mór amach mar Rí ar an bPrúis?
3. Cén tábhacht a bhain leis an *Encyclopédie*?
4. Cad iad na hathruithe a chuir Caitriona Mhór i bhfeidhm sa Rúis?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as Bunreacht Sibhialta na Cléire, Iúil 1790. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Cruthófar deoise amháin i ngach roinn agus beidh na teorainneacha céanna ag gach deoise agus atá ag an roinn. Déanfar na deoisí eile ar fad san ochtó trí roinn sa ríocht nach bhfuil ainmnithe sna hairteagail seo a scor.

Ag tosú le foilsíú an fhorógra seo, ní bheidh ach bealach amháin chun easpaig agus sagairt pharóiste a roghnú, sin trí thoghchán. Beidh gach toghchán de réir ballóide agus cinnfear é le tromlach glan na vótaí.

Sula dtosaíonn searmanas an choisreacain, tabharfaidh an t-easpag tofa mionn sollúnta, i láthair oifigigh an bhardais, na ndaoine, agus na cléire, creidmhigh a dheoise a ghardáil go haireach, a bheith dílis don náisiún, don rí agus tacaíocht iomlán a thabhairt don bhunreacht atá forógartha ag an gComhthionól Náisiúnta agus a bhfuil glactha ag an rí leis.....cuirfear an dlí a éilíonn go gcónódh an chléir sna limistéir atá faoina gcúram i bhfeidhm go docht.

1. Conas a bhí teorainneacha gach deoise le cinneadh?
2. Cad a bhí chun tarlú do na deoisí nach raibh ainmnithe i mBunreacht Sibhialta na Cléire?
3. Conas a bhí easpaig agus sagairt le roghnú?
4. Cén mionn a chaithfeadh easpaig a thabhairt?
5. Conas a d'fhreagair an Eaglais Chaitliceach do Bhunreacht Sibhialta na Cléire?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tom Paine.
2. Mary Wollstonecraft.
3. Frithbheartaíocht sna stáit Ghearmánacha in aghaidh Napoléon.
4. James Madison.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir an réabhlóid thionsclaíoch le fás Mhanchain?
2. Cé chomh mór agus a chuir Louis XVI le briseadh amach na réabhlóide sa Fhrainc i 1789?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an Coiste Slándála Poiblí le linn na réabhlóide sa Fhrainc?
4. Cén fáth a raibh cáil chomh mór sin ar Ludwig van Beethoven agus a raibh an oiread sin tionchair aige?

Leathanach Bán

Leathanach Bán